Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0441(CNS)

4.3.2024

*

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE
(COM(2023)0930 – C9-0015/2024 – 2023/0441(CNS))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Loránt Vincze

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE
(COM(2023)0930 – C9-0015/2024 – 2023/0441(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2023)0930),

– ag féachaint d'Airteagal 23(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0015/2024),

– ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2024),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á treorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Chun feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil d'údaráis chonsalacha agus do shaoránaigh, is iomchuí critéir níos mionsonraithe a leagan síos a chabhraíonn lena mheasúnú an bhfuil saoránach den Aontas le breithniú a bheith 'gan ionadaíocht' agus i dteideal dá réir sin cosaint chonsalach a fháil ón mBallstát ar ar a údaráis chonsalacha a trialladh. Ba cheart na critéir sin a bheith solúbtha go leormhaith agus iad a chur chun feidhme i bhfianaise imthosca áitiúla, amhail fusacht taistil nó an staid slándála sa tríú tír lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, ba cheart inrochtaineacht ***agus*** gaireacht a bheith ina mbreithnithe tábhachtacha i gcónaí.	(4) Chun feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil d'údaráis chonsalacha agus do shaoránaigh, is iomchuí critéir níos mionsonraithe a leagan síos a chabhraíonn lena mheasúnú an bhfuil saoránach den Aontas le breithniú a bheith 'gan ionadaíocht' agus i dteideal dá réir sin cosaint chonsalach a fháil ón mBallstát ar ar a údaráis chonsalacha a trialladh. Ba cheart na critéir sin a bheith solúbtha go leormhaith agus iad a chur chun feidhme i bhfianaise imthosca áitiúla, amhail fusacht taistil nó an staid slándála sa tríú tír lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, ba cheart inrochtaineacht, gaireacht ***agus slándáil*** a bheith ina mbreithnithe tábhachtacha i gcónaí.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Mar chéad chritéar, ba cheart d'údaráis chonsalacha a chur san áireamh a dheacra atá sé do shaoránaigh dul chomh fada le hambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta go sábháilte, nó a dheacra atá sé don ambasáid nó don chonsalacht sin teacht orthu amhlaidh, ***laistigh de thréimhse réasúnta ama, agus cineál agus práinn an chúnaimh a iarrtar agus na modhanna, go háirithe acmhainní airgeadais, atá ar fáil dóibh á gcur san áireamh.*** An gá le Doiciméad Taistil Éigeandála AE de thoradh caillteanas	(5) Mar chéad chritéar, ba cheart d'údaráis chonsalacha a chur san áireamh a dheacra atá sé do shaoránaigh dul chomh fada le hambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta go sábháilte ***laistigh de 48 n-uair an chloig.*** An gá le Doiciméad Taistil Éigeandála AE de thoradh caillteanas doiciméad taistil, mar shampla, is é ba cheart a bheith mar thoradh air sin, i bprionsabal, go mbreithneofaí an saoránach a bheith gan ionadaíocht dá mb'amhlaidh go mbeadh air taisteal thar oíche nó aerthaisteal a dhéanamh chun dul chomh

doiciméad taistil, mar shampla, is é ba cheart a bheith mar thoradh air sin, ***i bpriionsabal***, go mbreithneofaí an saoránach a bheith gan ionadaíocht dá mb'amhlaidh go mbeadh air taisteal thar oíche nó aerthaisteal a dhéanamh chun dul chomh fada le hambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta, toisc nach féidir coinne a bheith lena thaisteal faoi imthosca den sórt sin.	fada le hambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta, toisc nach féidir coinne a bheith lena thaisteal faoi imthosca den sórt sin.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Aithris 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	(30a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain éasca ag saoránaigh ar fhaisnéis maidir le cosaint chonsalach atá cothrom le dáta. I dtaca leis sin, ba cheart go bhfaigheadh saoránaigh AE fógraí prasa maidir lena gcearta agus maidir le nósanna imeachta chun iad a fheidhmiú agus iad i dtríú tíortha, go háirithe le linn cásanna géarchéime.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Ba cheart do na Ballstáit bearta breise a dhéanamh chun rannchuidiú a thuilleadh le feasacht saoránach den Aontas faoina gceart chun cosanta consalaí a mhúscailt, agus riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh	(31) Ba cheart do na Ballstáit bearta breise a dhéanamh chun rannchuidiú a thuilleadh le feasacht saoránach den Aontas faoina gceart chun cosanta consalaí a mhúscailt, agus riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh

freisin. I bhfianaise na gcostas teoranta atá i gceist leis do na Ballstáit, bealach amháin inar féidir é sin a dhéanamh is ea foclaíocht Airteagal 23 CFAE a atáirgeadh i bpasanna arna n-eisiúint ag na Ballstáit mar bhealach chun feasacht saoránach faoin gceart cosaint a fháil ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha a fheabhsú, mar a mholtar cheana féin le Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún. ***D'fhéadfadh*** na Ballstáit faisnéis maidir leis an gceart chun cosanta consalaí ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chur i láthair freisin i gcomhairle taistil agus i bhfeachtais a bhaineann le cúnamh consalach. D'fhéadfaidís dul i gcomhar freisin le soláthraithe seirbhíse iompair paisinéirí agus moil iompair a chuireann taisteal chuig tríú tíortha ar fáil, trína iarraidh orthu faisnéis ábhartha maidir leis an gceart chun cosanta consalaí a chur leis na hábhair faisnéise a chuirtear ar fáil do chustaiméirí, mar shampla.	freisin. I bhfianaise na gcostas teoranta atá i gceist leis do na Ballstáit, bealach amháin inar féidir é sin a dhéanamh is ea foclaíocht Airteagal 23 CFAE a atáirgeadh i bpasanna arna n-eisiúint ag na Ballstáit mar bhealach chun feasacht saoránach faoin gceart cosaint a fháil ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha a fheabhsú, mar a mholtar cheana féin le Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún. ***Ba cheart*** do na Ballstáit faisnéis maidir leis an gceart chun cosanta consalaí ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chur i láthair freisin i gcomhairle taistil agus i bhfeachtais a bhaineann le cúnamh consalach. D'fhéadfaidís dul i gcomhar freisin le soláthraithe seirbhíse iompair paisinéirí agus moil iompair a chuireann taisteal chuig tríú tíortha ar fáil, trína iarraidh orthu faisnéis ábhartha maidir leis an gceart chun cosanta consalaí a chur leis na hábhair faisnéise a chuirtear ar fáil do chustaiméirí, mar shampla.
	Or. en
Leasú 5	
Togra le haghaidh treorach **Aithris 41**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) I gcás ina mbeidh catagóirí speisialta sonraí pearsanta den sórt sin á bpróiseáil, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát agus d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a áirithiú go ndéanfar bearta oiriúnacha sonracha chun leasanna ábhar sonraí a choimirciú. Ba cheart a áireamh orthu sin, i gcás inar féidir, na sonraí pearsanta sin a chriptiú agus cearta rochtana a shannadh go sonrach do phearsanra a bhfuil rochtain acu ar na cineálacha sonraithe catagóirí speisialta sonraí pearsanta.	(41) I gcás ina mbeidh catagóirí speisialta sonraí pearsanta den sórt sin á bpróiseáil, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát agus d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a áirithiú go ndéanfar bearta oiriúnacha sonracha chun leasanna ***agus cearta*** ábhar sonraí a choimirciú. Ba cheart a áireamh orthu sin, i gcás inar féidir, na sonraí pearsanta sin a chriptiú agus cearta rochtana a shannadh go sonrach do phearsanra a bhfuil rochtain acu ar na cineálacha sonraithe catagóirí speisialta sonraí pearsanta.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tacóidh toscaireachtaí an Aontais leis na Ballstáit cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i gcomhréir le hAirteagal 5(10) de Chinneadh 2010/427/AE. Féadfar a áireamh leis an tacaíocht sin cúraimí sonracha cúnaimh chonsalaigh a dhéanamh, arna iarraidh sin do na Ballstáit agus thar a gceann. Déanfaidh an Ballstát cúnaimh agus an Ballstát náisiúntachta an fhaisnéis ábhartha uile sa chás lena mbaineann a sholáthar do thoscaireacht an Aontais.	2. Tacóidh toscaireachtaí an Aontais leis na Ballstáit cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i gcomhréir le hAirteagal 5(10) de Chinneadh 2010/427/AE. Féadfar a áireamh leis an tacaíocht sin cúraimí sonracha cúnaimh chonsalaigh a dhéanamh, arna iarraidh sin do na Ballstáit agus thar a gceann. Déanfaidh an Ballstát cúnaimh agus an Ballstát náisiúntachta an fhaisnéis ábhartha uile sa chás lena mbaineann a sholáthar ***gan mhoill*** do thoscaireacht an Aontais.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Comhoibreoidh na Ballstáit agus toscaireachtaí an Aontais i ndáil le himscaradh na gCóras Luathrabhaidh chun é a chur ar a gcumas dóibh géarchéimeanna nó guaiseacha ionchasacha, amhail tubaistí nádúrtha, corraíl pholaitiúil, nó géarchéimeanna sláinte, a bhrath go tráthúil sa tríú tír lena mbaineann. Úsáidfidh na córais seo anailísíocht sonraí, measúnuithe riosca, agus comhroinnt faisnéise chun luath-tháscairí maidir le bagairtí atá ag teacht

chun cinn a sholáthar, agus feabhas á chur ar éifeachtacht na hullmhachta le haghaidh géarchéimeanna agus iarrachtaí freagartha ar an gcaoi sin.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***Tabharfaidh*** na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ***an deis*** dá saoránaigh a chur in iúl d'údaráis náisiúnta inniúla, trí mhodhanna agus uirlisí iomchuí, go bhfuil siad ag taisteal chuig tríú tíortha nó ina gcónaí iontu nó an taisteal nó an chónaitheacht sin a chlárú leo.	4. ***Glacfaidh*** na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ***bearta réamhghníomhacha chun a áirithiú go*** gcuireann a gcuid saoránach in iúl d'údaráis náisiúnta inniúla, trí mhodhanna agus uirlisí iomchuí, go bhfuil siad ag taisteal chuig tríú tíortha nó ina gcónaí iontu nó an taisteal nó an chónaitheacht sin a chlárú leo, ***go háirithe nuair nach meastar go bhfuil na tríu tíortha atá i gceist go hiomlán slán.***

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis maidir le hathruithe ar a gcomhairle taistil do shaoránaigh a mhalartú ag luathchéim, go háirithe i gcomhthéacs cásanna géarchéime, agus féachfaidh siad lena áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht sa leibhéal comhairle taistil a thugtar.';	5. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis maidir le hathruithe ar a gcomhairle taistil do shaoránaigh a mhalartú ag luathchéim, go háirithe i gcomhthéacs cásanna géarchéime, agus féachfaidh siad lena áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht sa leibhéal comhairle taistil a thugtar.' ***Ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit in iúl dá chéile i gcónaí gach uair a bheidh siad ar an eolas faoi rioscaí slándála méadaithe.***

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13b – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Uair amháin sa bhliain ar a laghad***, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don Choimisiún agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála:	1. ***Uair amháin gach sé mhí***, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don Choimisiún agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála:
(a) liostaí nuashonraithe teagmhálaithe le haghaidh a líonraí consalacha;	(a) liostaí nuashonraithe teagmhálaithe le haghaidh a líonraí consalacha;
(b) liostaí tríú tíortha ina ndéanann Ballstát eile ionadaíocht orthu nó ina ndéanann siad ionadaíocht ar Bhallstát eile ar bhonn buan i gcomhréir le hAirteagal 7(2);	(b) liostaí tríú tíortha ina ndéanann Ballstát eile ionadaíocht orthu nó ina ndéanann siad ionadaíocht ar Bhallstát eile ar bhonn buan i gcomhréir le hAirteagal 7(2);
(c) socruithe praiticiúla arna ndéanamh de bhun Airteagal 7(2);	(c) socruithe praiticiúla arna ndéanamh de bhun Airteagal 7(2);
(d) an líon saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu dar soláthraíodh cosaint chonsalach dá dtagraítear in Airteagal 2 le linn na bliana roimhe seo, arna mhiondealú de réir náisiúntachta agus tríú tír;	(d) an líon saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu dar soláthraíodh cosaint chonsalach dá dtagraítear in Airteagal 2 le linn na bliana roimhe seo, arna mhiondealú de réir náisiúntachta agus tríú tír;
(e) an líon iarrataí ar aisíocaíocht a cuireadh isteach agus a fuarthas de bhun Airteagail 14 agus 15 le linn na bliana roimhe seo.	(e) an líon iarrataí ar aisíocaíocht a cuireadh isteach agus a fuarthas de bhun Airteagail 14 agus 15 le linn na bliana roimhe seo.
I gcás ina mbeidh cinneadh déanta ag Ballstát, de bhun Airteagal 2(2), an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir leis an gcosaint chonsalach a sholáthraíonn consail oinigh, áireofar sa liosta dá dtagraítear i bpointe (a) consail oinigh chomh maith le faisnéis maidir lena mhéad atá consail oinigh inniúil cosaint a sholáthar i gcás ar leith, go háirithe cé acu atá nó nach bhfuil siad cumhachtaithe Doiciméid Taistil Éigeandála AE a eisiúint.	I gcás ina mbeidh cinneadh déanta ag Ballstát, de bhun Airteagal 2(2), an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir leis an gcosaint chonsalach a sholáthraíonn consail oinigh, áireofar sa liosta dá dtagraítear i bpointe (a) consail oinigh chomh maith le faisnéis maidir lena mhéad atá consail oinigh inniúil cosaint a sholáthar i gcás ar leith, go háirithe cé acu atá nó nach bhfuil siad cumhachtaithe Doiciméid Taistil Éigeandála AE a eisiúint.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13c – mír 1 – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(d) teicneolaíochtaí digiteacha agus córais fógartha uathoibrithe a chur chun feidhme, amhail SMS trí líonraí teileafóin, chun sonraí teagmhála fíor-riachtanacha le haghaidh cosaint chonsalach ar theacht isteach i dtríú tír a sholáthar do shaoránaigh AE, chomh maith le teachtaireachtaí foláirimh le linn cásanna géarchéime.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16a – mír 1 – pointe g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(g) comhlíontacht le forálacha Airteagal 13(4) maidir le clárú agus fógra i dtaobh taistil na saoránach chuig tríú tíortha nó i dtaobh cónaitheacht iontu a áirithiú.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. I gcás ina mbeidh na sonraí	6. I gcás ina mbeidh na sonraí

pearsanta dá dtagraítear i mír 5 á bpróiseáil, áiritheoidh údaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais go ndéanfar bearta oiriúnacha sonracha chun leasanna ábhar sonraí a choimirciú. Tabharfaidh siad beartais inmheánacha isteach freisin agus déanfaidh siad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí pearsanta sin agus a dtarchur a chosc.	pearsanta dá dtagraítear i mír 5 á bpróiseáil, áiritheoidh údaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais go ndéanfar bearta oiriúnacha sonracha chun leasanna ***agus cearta*** ábhar sonraí a choimirciú. Tabharfaidh siad beartais inmheánacha isteach freisin agus déanfaidh siad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí pearsanta sin agus a dtarchur a chosc.
	Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16b – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) in Airteagal 19, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:	(10) in Airteagal 19, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:
‘3. Tráth nach luaithe ná [***8*** mbliana tar éis sprioc-am trasuí na Treorach leasaithí], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.	‘3. Tráth nach luaithe ná [***5*** bliana tar éis sprioc-am trasuí na Treorach leasaithí], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.’;	Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.’;
	Or. en